Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8527/26**

**ENT 84**
**MI 390**
**POLCOM 155**
**COREE 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 141 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 141 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 141 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.4.2026
COM(2026) 141 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis an moladh seo, iarrann an Coimisiún Eorpach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh: a údarú tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré; an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais; treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí; agus coiste speisialta nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis a ainmniú.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach (CAFPanna) tugtha i gcrích ag an Aontas le roinnt tíortha nach tíortha den Aontas iad, lena n-áirítear an Astráil, Ceanada, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Eilvéis, agus na Stáit Aontaithe, ina nglacann gach páirtí le torthaí ó mheasúnuithe comhréireachta arna gcur ar fáil ag comhlachtaí ainmnithe an pháirtí eile chun comhlíontacht lena rialacháin theicniúla a léiriú[1].

Faoi na CAFPanna sin, tugtar aitheantas frithpháirteach do chomhlachtaí ainmnithe um measúnú comhréireachta (CMCanna), lena n-áirítear saotharlanna, comhlachtaí cigireachta agus eintitis deimhniúcháin. Coinnítear liostaí de na comhlachtaí sin agus cuirtear ar fáil iad trí stórtha oifigiúla amhail bunachar sonraí NANDO an Aontais (Cur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dTugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe) nó iarscríbhinní a bhaineann go sonrach le comhpháirtithe.

Le CAFP idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré, dhéanfaí rochtain ar an margadh a éascú trína chur ar a chumas do gach páirtí glacadh le tuarascálacha tástála, deimhnithe agus marcálacha comhréireachta arna n-eisiúint ag CMCanna ainmnithe de chuid an pháirtí eile le haghaidh earnálacha sonraithe, agus ar an gcaoi sin dúbailt nósanna imeachta tástála agus deimhniúcháin a sheachaint.

Cuidíonn CAFPanna ó thaobh trádáil a éascú trí bhacainní neamhtharaife a laghdú. Glacann na páirtithe le tuarascálacha tástála, deimhnithe agus marcálacha comhréireachta arna n-eisiúint ag CMCanna a chéile, agus ar an gcaoi sin déantar imréiteach custaim a chuíchóiriú

---

[1] Áirítear iarscríbhinní earnálacha sonracha sna CAFPanna sin. Mar shampla, cuimsíonn an CAFP idir an tAontas agus an Astráil táirgí mótarfheithiclí, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, trealamh ísealvoltais, innealra, feistí leighis, brú-threalamh, trealamh teirminéil teileachumarsáide, agus dea-chleachtas monaraíochta. Ar an gcaoi chéanna, cumhdaítear leis an CAFP idir an tAontas agus an Eilvéis 20 earnáil, amhail innealra, trealamh cosanta pearsanta, bréagáin, feistí leighis, fearais gháis, árthaí brú, trealamh raidió, trealamh leictreach, táirgí foirgníochta, ardaitheoirí agus táirgí bithicídeacha. Cumhdaítear leis an CAFP idir an tAontas agus Ceanada faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA), trealamh leictreach, bréagáin, táirgí foirgníochta, innealra, ionstraimí tomhais, trealamh le haghaidh atmaisféir pléascacha, etc. Tá feidhm ag an CAFP idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le táirgí leictreacha, trealamh teirminéil raidió agus teileachumarsáide, dea-chleachtas monaraíochta agus dea-chleachtas saotharlainne, agus pléann an CAFP idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, trealamh ísealvoltais, innealra, feistí leighis, brú-threalamh, trealamh teirminéil teileachumarsáide, agus dea-chleachtas monaraíochta. Tá an CAFP idir an tAontas agus an Iosrael teoranta do dhea-chleachtas saotharlainne, agus foráiltear leis an CAFP idir an tAontas agus na Stát Aontaithe maidir le haitheantas frithpháirteach do chomhoiriúnacht leictreamaighnéadach, do threalamh teirminéil teileachumarsáide agus do threalamh muirí, agus ar an gcaoi sin seachnaítear dúbláil measúnuithe le haghaidh na dtáirgí a chumhdaítear.

agus moilleanna nós imeachta ag teorainneacha a laghdú. Léiríonn fianaise eimpíreach go gcuireann CAFPanna borradh faoi onnmhairí, go méadaíonn siad líon na ngnólachtaí onnmhairiúcháin, agus go leathnaíonn siad punanna táirgí chuig margaí comhpháirtíochta, go háirithe in earnálacha a bhfuil thart ar 30 % d'onnmhairí iomlána an Aontais i gceist leo, agus go laghdaíonn siad freisin an t-am agus na costais loingseoireachta a bhaineann le dúbailt tástála[2].

Cruthaíonn CAFPanna éifeachtúlachtaí costais trí chead a thabhairt do chuideachtaí brath ar CMCanna intíre i gcás onnmhairí, rud a laghdaíonn an t-ualach airgeadais a bhaineann le deimhniú a fháil i dtír eile. Is minic a thiteann an t-ualach sin go díreach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chostais chomhlíontachta níos airde freisin. Cothaíonn CAFPanna muinín fhrithpháirteach i gcórais chomhréireachta agus ní éilíonn siad comhchuibhiú rialála. Cuireann siad ar a gcumas d'onnmhaireoirí nósanna imeachta tástála aonfhoirmeacha a leanúint i margaí an Aontais agus i margaí nach margaí de chuid an Aontais iad araon. Cuireann siad rochtain níos leithne ar an margadh chun cinn freisin agus neamhspleáchas rialála ceannasach á chaomhnú ag an am céanna.

Shínigh Poblacht na Cóiré CAFPanna den sórt sin le Ceanada, leis an tSile, leis an Indinéis, leis an Ríocht Aontaithe, leis na Stáit Aontaithe agus le Vítneam. Trí chead a thabhairt do chuideachtaí na Cóiré Theas brath ar thorthaí tástála agus ar dheimhnithe arna n-eisiúint i dtíortha comhpháirtíochta, cuidíonn na comhaontuithe sin ó thaobh dúbláil nósanna imeachta tástála agus deimhniúcháin i bPoblacht na Cóiré a sheachaint, rud a laghdaíonn go mór an t-am, an t-ualach riaracháin agus na costais d'onnmhaireoirí na Cóiré Theas. Mar sin féin, ós rud é nach dtairbhíonn cuideachtaí an Aontais de CAFPanna coibhéiseacha le Poblacht na Cóiré i roinnt earnálacha, is minic a bhíonn costais chomhlíontachta níos airde orthu, lena n-áirítear tástáil nó deimhniú áitiúil arís agus arís eile. Mar thoradh air sin, cuirtear onnmhaireoirí an Aontais faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid le gnólachtaí ó thíortha a bhfuil CAFPanna tugtha i gcrích acu le Poblacht na Cóiré, go háirithe i dtionscail rialáilte amhail leictreonaic.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse ábhartha cheana**

Chuirfeadh CAFP maidir le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré atá ann cheana, lenar cuireadh deireadh cheana le 98,7 % de tharaifí[3] agus lenar baineadh bacainní neamhtharaife maidir le leictreonaic, cógaisíocht, mótarfheithiclí agus ceimiceáin, ach nach bhfuil aitheantas frithpháirteach iomlán ann do thorthaí comhréireachta. Dá bhrí sin, thairbheodh trádáil dhéthaobhach, a shroich EUR 123,7 billiún in earraí in 2024, de mhoilleanna laghdaithe ar

---

2 Féach Cernat, L., *How important are mutual recognition agreements for trade facilitation*? [Cé chomh tábhachtach agus atá comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach le haghaidh héascú trádála?] Achoimre Bheartais Uimh. 10, An Lárionad Eorpach um an Eacnamaíocht Pholaitiúil Idirnáisiúnta (ECIPE), 2022.
Féach freisin: AS TRADE, *Suirbhé ar Chomhaontuithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach (CAFPanna), Tuarascáil Achomair*, Iúil 2023, https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/assets/Report%20on%20the%20Survey%20on%20Mutual%20Recognition%20Agreements%202023.pdf.

3 An Coimisiún Eorpach, Rochtain ar mhargaí, 'an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré', suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, arna rochtain an 25 Feabhra 2026, https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/content/eu-south-korea-free-trade-agreement.

theorainneacha, de dhoiciméadacht chomhchuibhithe, agus de chomhtháthú níos fearr ar an slabhra soláthair, go háirithe i bhfianaise ról Phoblacht na Cóiré mar an t-ochtú ceann scríbe onnmhairiúcháin is mó atá ag an Aontas le haghaidh earraí[4].

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an moladh comhsheasmhach le beartais eile an Aontais.

Tacaíonn CAFP leis an gcomhbheartas tráchtála trí bhacainní trádála a laghdú agus trí rochtain ar an margadh a éascú trí chomhaontuithe déthaobhacha earnáilsonracha le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a ghlacann le tástáil choibhéiseach a dhéantar i dtíortha eile, agus seachnaítear ar an gcaoi sin dúbláil measúnuithe. Seachnaítear leis na comhaontuithe d'aon turas sainordú a thabhairt athruithe a dhéanamh ar rialacháin theicniúla, ar chaighdeáin nó ar cheanglais theicniúla na bpáirtithe, agus ar an gcaoi sin caomhnaítear ceart gach páirtí chun rialála agus ní cheadaítear ach tuarascálacha tástála eachtracha nó deimhnithe eachtracha a ghlacadh mar chruthúnas ar chomhlíontacht.

Tá an moladh sin i gcomhréir freisin le prionsabail Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, ós rud é go gcuireann sé comhar rialála maidir le measúnú comhréireachta chun cinn, go laghdaíonn sé bacainní neamhtharaife agus go seasann sé le ceanglais fhíor-riachtanacha an Aontais, amhail caighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil.

Ar deireadh, is gníomhaíocht straitéiseach é caibidlíocht CAFP a dhéanamh atá ailínithe go hiomlán le tosaíochtaí an Aontais chun iomaíochas domhanda a fheabhsú agus deiseanna nua margaidh a chothú do chuideachtaí an Aontais. Sa chomhthéacs idirnáisiúnta atá ann faoi láthair ina bhfuil bacainní trádála agus bearta cosantacha ag dul in olcas i measc príomh-chomhpháirtithe trádála, fónann CAFPanna chun deireadh a chur le bacainní teicniúla agus rialála, agus ar an gcaoi sin rochtain níos rianúla ar an margadh a éascú agus costais a laghdú do chuideachtaí an Aontais. Tá an cur chuige sin comhsheasmhach le clár oibre an Choimisiúin don iomaíochas. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais agus i gCompás Iomaíochais an Choimisiúin, tá sé ríthábhachtach an ilroinnt agus bacainní rialála a shárú chun na bearnaí infheistíochta agus táirgiúlachta a chuireann bac ar fhás eacnamaíoch an Aontais a dhúnadh. Leagtar béim i dtuarascáil Draghi freisin ar a thábhachtaí atá comhaontuithe trádála straitéiseacha agus fabhracha chun slabhraí soláthair criticiúla a dhaingniú agus chun iomaíochas an Aontais a neartú. Sa chomhthéacs sin, is uirlisí fíor-riachtanacha iad CAFPanna chun trádáil a éascú agus chun bacainní i margaí seachtracha a laghdú. Dá bhrí sin, tá saothrú CAFPanna ag teacht go láidir le cuspóirí iomaíochais inmheánaigh an Aontais agus lena chlár oibre maidir leis an mbeartas trádála seachtrach araon.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **Bunús dlí don nós imeachta**

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an

[4] An Coimisiún Eorpach, an Trádáil agus an tSlándáil Eacnamaíoch, 'An Chóiré Theas. Caidreamh Trádála an Aontais le Poblacht na Cóiré. Fíorais, figiúirí agus na forbairtí is déanaí', suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, arna rochtain an 25 Feabhra 2026, https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/south-korea_en.

gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Molann an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE bunús dlí an chinnidh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

- **Bunús dlí substainteach**

Is iad Airteagal 207(3) agus (4) agus Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tagann an gníomh seo faoin gcomhbheartas tráchtála faoi Airteagal 207 CFAE. Dá bhrí sin, tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Faoi Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas. Liostaítear an comhbheartas tráchtála i measc na réimsí sin ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas in Airteagal 3 CFAE. Áirítear leis an mbeartas sin comhaontuithe trádála a chaibidliú de bhun Airteagal 207 CFAE, i measc forálacha eile.

- **Comhréireacht**

Tá an moladh ón gCoimisiún i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus tá gá leis i bhfianaise chuspóir an Aontais comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a úsáid chun iomaíochas, slándáil, inbhuanaitheacht agus trádáil iltaobhach riailbhunaithe a chur chun cinn.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Is céim ullmhúcháin é an moladh seo don Chomhairle an Coimisiún a údarú le caibidlíocht dhéthaobhach a dhéanamh le Poblacht na Cóiré gan 'aon tionchar suntasach eacnamaíoch, comhshaoil ná sóisialta' de bhun na dTreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

Tá coinne leis go ndéanfaidh an comhaontú nua rochtain ar an margadh a chuíchóiriú trína chur ar a chumas do gach páirtí glacadh le tuarascálacha tástála, deimhnithe agus marcálacha comhréireachta arna n-eisiúint ag CMCanna ainmnithe de chuid an pháirtí eile le haghaidh earnálacha sonraithe, agus ar an gcaoi sin dúbailt nósanna imeachta tástála agus deimhniúcháin a sheachaint. Chuirfeadh an comhaontú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré atá ann cheana, lenar cuireadh deireadh cheana le 98,7 % de tharaifí agus lenar baineadh bacainní neamhtharaife maidir le leictreonaic, cógaisíocht, mótarfheithiclí agus ceimiceáin, ach nach bhfuil aitheantas frithpháirteach iomlán ann do thorthaí comhréireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an moladh comhsheasmhach le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar diúltach ag CAFP maidir le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré ar bhuiséad an Aontais. Tá coinne le tionchair dhearfacha indíreacha ó shreafaí trádála méadaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Moltar sa togra seo go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an Coimisiún leis an méid seo a leanas a dhéanamh: tús a chur le caibidlíocht le haghaidh CAFP i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré; an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais; treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí; agus coiste speisialta nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis a ainmniú.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus (4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú idirnáisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste Speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 207(3), an tríú mír, CFAE.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*